# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# EALAÍN

## Ceardaíocht

## Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% d'iomlán na marcanna don Ealaín.

**Déardaoin, 4 Bealtaine, Maidin 9.30 –12.00 Tráthnóna 2.00 – 4.30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an **Déardaoin, 27 Aibreán**

### Treoracha

- Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin, **ceann amháin,** a thabhairt isteach sa scrúdú chun cuidiú leat i bpróiseas forbartha an dearaidh. Ní mór don mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog sin a shíniú agus dáta a chur léi **sula** dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú gurb é do shaothar pearsanta féin, a rinne tú gan chúnamh, atá ann.
- **Níl cead agat áiseanna físiúla** breise ar bith (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó saothar ealaíne réidh-le-húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú ar mhaithe le cuspóirí cóipeála.
- Tá cead agat aon ábhair agus uirlisí ceardaíochta oiriúnacha is mian leat a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.
- Níl cead ábhair orgánacha a mheathann a úsáid.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.
- Scríobh uimhir agus teideal na ceiste atá roghnaithe agat ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

### Céim 1: Bileog Ullmhúcháin (TAIGHDE) (0 marc)

Ba chóir do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin a chur i gcrích i gcaitheamh na seachtaine roimh an scrúdú agus is é do chuid **taighde** is cóir a bheith ann. Is é is cóir a bheith san obair seo ná rogha de léirmhínithe pearsanta agus de thuairimí a bhfuil tacaíocht taighde leo agus a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach píosa oibre dá leithéid **a ghreamú síos go cothrom** ar an mbileog ullmhúcháin A2.

### Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Déantar an bhileog A2 réamhsceitsí a chur i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** í seo inar chóir plé breise a dhéanamh ar smaointe atá i do bhileog ullmhúcháin. Is cóir gach gné den dearadh 2D nó 3D a chur san áireamh, mar a oireann don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith á déanamh do ghnéithe fisiúla, feidhmiúla agus ábhartha na ceiste atá roghnaithe agat. Ní mór duit oibriú go **díreach** ar do bhileog A2, agus sceitsí amháin a úsáid. Bain úsáid as dath más mian leat. Caillfear marcanna de bharr cóipeáil dhíreach ón mbileog ullmhúcháin. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

### Céim 3: Saothar Ceardaíochta Críochnaithe (90 marc)

Déantar an saothar ceardaíochta a chur i gcrích san am atá ceadaithe don scrúdú.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach ceardaíochta trédhearcach duit a gcaithfidh tú iad seo a leanas a chur isteach ann:***

- Do bhileog Ullmhúcháin A2
- Do Bhileog Réamhsceitsí A2
- Earra(í) eile (má shonraítear sin sa cheist a d'fhreagair tú)
- Do shaothar ceardaíochta críochnaithe, má tá sé déthoiseach.

Más saothar ceardaíochta tríthoiseach atá ann ba chóir é a chur ar bharr an chlúdaigh cheardaíochta shéalaithe agus an lipéad cuí a fheistiú de.

**Freagair ceann amháin de na ceisteanna seo a leanas:**

## 1. Leabharcheardaíocht

Dear agus déan comhad bosca, vallait doiciméad nó fillteán chun gearrtháin ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas a choinneáil:

(a) Cuimhní ceoil

(b) Turas scoile ar chathair Eorpach

(c) Peataí coimhthíocha

Ní mór don saothar leabharcheardaíochta críochnaithe a bheith feidhmiúil. Féadfaidh an cruth léiriú a thabhairt ar an topaic atá roghnaithe agat.
Bain úsáid as ábhair, dathadóireacht, litreoireacht, ceangal agus naisc oiriúnacha.
Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair:** meascán, ina bhfuil páipéar, cárta, ábhair ceangail agus naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamacháin agus na huirlisí is gá.

## 2. Peannaireacht

Dear agus cuir i gcrích píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs **(a)** nó ar Théacs **(b).** Féadfaidh tú iomlán an téacs roghnaithe, nó cuid de, a úsáid. Tá rogha agat idir cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**
Dhírigh an ceamara róbait isteach chun radharc an-teann a fháil ar an gcloigeann ba mhó cáil den dá chloigeann a bhí air agus bheannaigh sé uaidh arís. Bhí cuma dhaonnóid air, a bheag nó a mhór, murach an cloigeann breise agus an tríú géag láimhe air. Sheas a ghruaig fhionn ghliobach amach mar seo is mar siúd, bhí a shúile gorma ag glinniúint le rud éigin a bhí go hiomlán ó aithint, agus bhí a smigeanna gan bhearradh an t-am ar fad geall leis.
Sliocht as *The Hitch-hikers Guide to the Galaxy* le Douglas Adams

**Téacs (b)**
Rachaidh mé le m'athair ag síolchur
Sna goirt nuadheargtha cois mara,
Beidh na rúcaigh, na faoileáin agus
  na druideanna
Ina scuainí eitilte i mo dhiaidh.
Canfad do na curadóirí rábacha
Agus an glasán ar an airne faoi bhláth,
Agus beidh amhrán an tsíl ag m'athair
Atá ar a ngob ag fir ghaoise amháin.
Sliocht as an dán 'I will go with my father' le Joseph Campbell

**Ábhair:** dromchla oiriúnach d'obair pheannaireachta – uasmhéid na bileoige, A2; meascán ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a sholáthraítear, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú,** á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) Fuaimeanna Cosmacha

(b) An Strainséir Diamhair

(c) Ionad Fóillíochta agus Aclaíochta

**nó**

Déan cárta poist a dhearadh chun ionad nua gruagaireachta a sheoladh.

Ba chóir an cárta poist críochnaithe a dhéanamh ar scála méadaithe gan dul thar A2 ar an méid is mó. Ní mór litreoireacht a bheith ina chuid de do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid.

Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a sholáthraítear, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

**Ábhair:** páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamacháin, scuaba, péinteanna, dúigh, agus aon mheán eile a thriomaíonn go tapa.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) nó (b)

(a) Dear agus figh painéal maisithe do chlúdach bosca fuála. Déan taighde agus forbairt ar do dhearadh ó na dathanna, cruthanna agus uigeachtaí atá le fáil taobh istigh de bhosca fuála (e.g. snáthaidí, snáitheanna, bioráin, cnaipí, snáth, méaracáin, fáiscíní, spóilíní, etc.)

(b) Dear agus figh taipéis bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:
- Spóirt fhíordhainséaracha
- Bóithrín casta tuaithe
- Sráideanna istoíche

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar.

**Ábhair:** deilbh réamhullmhaithe ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht mhór snátha agus abhrais, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Líonóilghearradh/Blocphriontáil

Dear agus déan prionta líonóile bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Ceardlann an mheicneora

(b) Nuair a thagann na píosaí ar fad le chéile

(c) Faoin micreascóp

Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Is féidir leat dearadh a dhéanamh do phriontáil aondathach **nó** do phrionta ina bhfuil dhá dhath phriontáilte ar a laghad. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha/na blocphriontála a léiriú.

**Ábhair:** píosa/í líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaithe a bheith á úsáid agat nó bloc ar leith do gach dath) nach lú ná 20 cm × 15 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.

**N.B**. Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh iad go cúramach le plaisteach glé sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhloic/líonóil (agus iad clúdaithe i bplaisteach trédhearcach) a chur isteach chomh maith le do chuid rianaithe.

## 6. Puipéadacht

Déan puipéad lámhainne, puipéad slaite nó puipéad téide bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ainmhí a bhfuil cumhachtaí draíochta aige

(b) Sióg – maith nó olc?

(c) Leanbh Fiáin

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Ba chóir go ligfeadh méid an phuipéid chríochnaithe do phuipéadóir é a úsáid go héasca. Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe.

**Ábhair:** fabraic, snáithe, ábhair uigeacha mheasctha, péinteanna, etc.; bunchruth na lámhainne agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó ábhar éadrom eile.

Ní mór na baill choirp ar fad a chur le chéile agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Laethanta saoire: grian – gaineamh – farraige - linnte carraige – portáin – sliogáin – buicéid – sluaistí – snámh – tonnmharcaíocht – iascaireacht

(b) An Pharáid: rinceoirí Gaelacha – buíon Afracach – banna práis – dragún Síneach – cleasghleacaithe – carranna ón tseanré – trádálaithe sráide – flótaí ó thíortha éagsúla

(c) Ríomhairí – CD-nna – seinnteoir dioscaí iniompartha – físcheamaraí – fóin phóca – cluichí ríomhaireachta – seinnteoirí mp3

Cuir na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le forphriontáil san áireamh. Is féidir priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir toisí níos mó ná 100cm x 100cm a bheith i do phrionta críochnaithe.

**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála agus cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar fhabraic nach mó ná 100 cm × 100 cm. Bunaigh do dhearadh ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Cluichí cláir

(b) Iompar – traenacha – rothair – carranna spóirt – carranna ón tseanré – leoraithe – longa – spásárthaí – gluaisrothair

(c) Íomhá Scáthánach

Méadaigh ar éifeacht do dhearaidh agus aird á tabhairt agat ar ghluaiseacht, corraí, forphriontáil agus nascacht.

**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ainmhithe fiáine – tíogair – antalóp – iaguar – safari – dufair – treibheanna caillte – botháin fhéir - reiptílí

(b) Ar an uisce: seoltóireacht – snámh – báid – lachain – iascaireacht – báirsí canála – dobharchúnna – sciáil uisce – tumadóireacht - lapadaíl

(c) An Broidtráth: rothaí – soilse tráchta – oibreacha bóthair – brú tráchta – sáite sa trácht – léarscáileanna – treoracha – sráideanna broidiúla - siopadóirí

Ba chóir do bhataíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis. Ba chóir an lámhphéinteáil a dhéanamh ar réimsí **beaga** sonracha amháin. Níor chóir do bhaitíc a bheith níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair:** fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, tjanting, scuaba, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Coimeádán i gcomhair bia

(b) Pláta cuimhneacháin nó plaic

(c) Dealbhóireacht rilífe le crochadh ar bhalla

Bíodh do dhearadh agus do mhaisiú bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

- Míolta eitilte nó crúbaireachta
- An Cholainn Dhaonna
- Saothar duine amháin díobh seo a leanas – Louis le Brocquy, Vincent Van Gogh, Vivienne Westwood, Antonio Gaudi, Gustav Klimt.

Ní mór duit do shaothar a bhácáil agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí.

**Ábhair:** Cré réamhullmhaithe do do rogha teicníocht (roth nó lámhdhéanamh). Trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí - ina measc, sleamhnáin, glónraí, ocsaídí, etc.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Brat balla

(b) Bróiste mór

(c) Coimeádán fabraice chun seinnteoir mp3 a choimeád ann

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí seo a leanas mar phointe tosaigh don saothar:

- Doras Rómhánúil Éireannach (e.g. Cluain Fearta)
- Cathair – cuaillí lampaí – treochomharthaí – simléir – cosáin – soilse sráide - spuaiceanna – locháin uisce – fuinneoga siopaí – bloic árasán ardstóracha
- Snáthaid mhór (cuil dragain) – uaine agus gorm – gléineach – frithchaiteach – eití íogaire – súile móra – colainn fhada sheang – scinneadh go mear

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe nó greim meaisín). Is féidir meáin mheasctha a úsáid freisin.

**Ábhair:** ábhair éagsúla, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna, snáitheanna bróidnéireachta, fabraic agus ábhair uigeacha do appliqué.

**12. Snoíodóireacht adhmaid/Snoíodóireacht**

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa snoíodóireachta a sheasann leis féin

(b) Painéal maisithe

(c) Plaic

Bíodh do shaothar bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:
- Míolta na Mara
- Lámha Cuiditheacha
- An Bharróg

Tá an litreoireacht roghnach ar an saothar críochnaithe.

**Ábhair:** Is féidir an saothar a shnoí as adhmad, plástar nó aon ábhar oiriúnach eile.

**13. Miotalóireacht/Tógáil**

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Trófaí

(b) Plaic

(c) Píosa dealbhóireachta a sheasann leis féin.

Bíodh do shaothar bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:
- Coiscéimeanna
- Ticéad Imeachta
- Sciortaí Scaobacha agus Cosa Siúlacha

**Ábhair:** ábhair chruain; miotail do theicníochtaí tógála; uirlisí oiriúnacha.

**14. Múnlóireacht**

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta i bhfoirm chruinn nó i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:
- Traidisiún ársa spóirt
- Rince – casadh – síneadh – léimneach – roithleagadh – guairneáil – foléimneach – eadarbhuasú
- An Sealgaire agus an Chreach

**Ábhair:** is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Is féidir ábhair bhreise a chur le do shaothar.

**Leathanach Bán**